Aguisín 2 – Smachtú Forbairtí: Cuspóirí agus Caighdeáin

Máithris Chriosaithe

Smachtú forbairtí: Cuspóirí agus Caighdeáin

Is próiseas é smacht forbartha a rialann forbairtí de réir phrionsabail phleanála bhunaithe agus treoirlínte an chleachtaidh is fearr ar son leas na ndaoine i gcoitinne.

CaighdeánSF 1: Rochtain chónaithe chuig bóithre Náisiúnta agus bóithre srianta eile.

(1) Déanfar forbairt chónaitheach ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre srianta eile a shrianadh lasmuigh de na hionaid shainithe lonnaíochta nó de theorainn phlean an bhaile do riachtanas teaghlach cónaí ar shealúchas teaghlaigh chun leanúnachas na feirmeoireachta ar an sealúchas sin a chinntiú. Ní dhéanfar an incháilitheach a leathnú ach chun teach a sholáthar do mhic nó iníonacha, ar fheirm a dtuismitheoirí, nuair nach mbíonn suíomhanna oiriúnacha ar fáil ar shealúchas feirme a dtuismitheoirí ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad. I gcás go mbíonn riachtanais iomadúla tithíochta sa teaghlach beidh gá le leagan amach tithíochta a sheachnaíonn forbairt ríbíneach ar thaobh an bhóthair agus a chuireann aon bhealach rochtana amháin ar fáil chuig an mbealach náisiúnta. D'fhéadfadh go mbeadh gá nuachóiriú agus/nó athlonnú ar an mbealach isteach atá ann cheana chun freastal chomhfhorbairt.

Bainfidh coinníoll feidhmithe le bronnadh ceadanna pleanála dóibh seo thuas.

(2) Athsholáthar teach feirme nó teacht cónaithe de chaighdeán íseal atá ann cheana, atá le leagan, nó má táthar le héirí as a úsáid maráitreabh. Ní bhainfidh coinníoll feighmithe leis na cásanna seo. Nuair a scartar le háitribh atá ann cheana ní úsáidfear níos mó iad mar áitribh dhaonna.

CaighdeánSF 2: Línte Tógála

Tá gá le foirgnimh a thógáil siar ón mbóthar chun áilleacht chónaithe, áilleacht na tuaithe, sábháilteacht an phobail a chinntiú agus chun go bhféadfaí bóithre a leathnú nó ailíniú a dhéanamh orthu sa todhchaí.

Tá na híoslínte tógála seo a leanas riachtanach do na bealaí éagsúla:

(1) Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta: 35 méadar ón mballa teorainn atá ann nó atá molta a ailíniú.
(2) Bóithre Réigiúnacha: 25 méadar ón mballa teorainn atá ann nó atá molta a ailíniú.
(3) Bóithre Áitiúla: 15 méadar.
(4) Bóithre Uirbeacha: Bainfidh línte tógála le suíomh an fhoirgnimh sa mbaile nó sa tsráidbhaile i.e. sráid i sráidbhaile, eastát tithíochta, forbairt chnuasaigh.

CaighdeánSF 3: Fad léargais atá riachtanach le haghaidh rochtain chuig bóithre náisiúnta agus Réigiúnach.

Beidh pointí rochtana nua faoi réir riachtanais Caighdeáin TD 41/95 Rochtain fheithicle chuig bóithre náisiúnta ilchuspóireach. Tá achoimre déanta ar chuid de na príomhfhaid anseo thíos.

Rangú Bóthair	**Fad Léargais atá riachtanach do: Luas Deartha ar Mhórbhóthar c.s.u (m.s.u). Y Fad**						
	100	85	70	60	50	40	30
	(62)	(53)	(44)	(37)	(31)	(25)	(19)

Príomh, Tánaisteach agus Náisiúnta	215	160	120	90	70	---	---
Réigiúnach	**160**	**120**	**90**	**70**	**60**	**45**	**33**



Tábla 11-1 Y – Fad (m) agus Fad radharc chun tosaigh i méadair.

CaighdeánSF 4: Fad léargas riachtanach le haghaidh rochtain chuig bóithre áitiúla.

Déanfar léargas do bhóithre áitiúla a mheas ar bhunús suímh ar leith faoi réir shábháilteacht tráchta.

CaighdeánSF 5: Spásanna páirceála

Cuireadh gach scoil nua saoráidí timpealláin ligthe/ bailithe maraon le páirceáil do charranna ar fáil. Cuireadh gach scoil atá ann cheanna, atá á síneadh go mór agus a bhfuil talamh ar fáil faoina choinne, saoráidí timpealláin ligthe/ bailithe maraon le páirceáil do charranna ar fáil.

CaighdeánSF 6: D'Fhorbairtí Tráchtála, rochtain chuig bóithre srianta.

Cuirfear srian le forbairt tráchtála ar bhóithre náisiúnta agus bóithre srianta lasmuigh de na hionaid shonraithe lonnaíochta nó imeall phlean an bhaile mar seo a leanas:

Bóithre Smachta Aicme 1 - Cuirfear cosc, go ginearálta, le forbairt thráchtála agus thionsclaíoch lasmuigh de theora luasa 60ksu na mbóithre náisiúnta. Déanfar macnamh ar chásanna cruthaithe i dtaobh iad a chur le lonnaíochtaí bunaithe, agus maidir le áiseanna páirceáil agus marcaíocht a sholáthar. Áirítear chuile Bhóthar Náisiúnta faoin ainmniúchán Bóithre Smachta Aicme 1.

Bóithre Smachta Aicme 2 – Beidh forbairt ar áiseanna tráchtála, tionsclaíochta agus pobail agus úsáid talún teoranta chuig riachtanais riachtanacha; sa gceantar áirithe, de thalmhaíocht, bonneagar turasóireachta, iascaireachta, foraoiseacht, áiseanna páirceála agus marcaíochta nó tionscail stoite atá ann cheana féin, agus sa gcás nach bhféadfaí na riachtanais seo i dtuairim an Údaráis Phleanála a bheith lonnaithe ar bhóithre réigiúnacha nó áitiúla neamhliostaithe eile. Tá na Bóithre Réigiúnacha srianta go léir san áireamh le Bóithre Smachta Aicme 2. tá bóithre réigiúnacha srianta luaite anseo thíos.

	Cur síos ar an mbóthar	**Bealach Uimh.**
1.	Tuaim – Bearna Dearg – Each Léim	R332
2.	Gaillimh – An Spidéal – Crois Bhaile na hAbhann	R336
3.	Gaillimh – Carn Mór – Muine Mheá	R339
4.	Doire Dhomhnaill – Béal Átha an Rí	R348

CaighdeánSF 7: Bánna Páirceála
San áit a gcaithfidh forbairtí cónaithe bá páirceála a chur ar fáil in aice le hailíniú molta ar bhalla teorainn, caithfidh an bhá pháirceála a bheith 15 x 3 méadar de réir na Comhairle. D'hféadfaí seo a bheith athruithe áit nach féidir í a chur ar fáil de bharr méid agus tomhaiseanna an tsuímh agus gur féidir páirceáil oiriúnach ar an suíomh a chuir ar fáil le rochtain shábháilte.

Agus iarratais ar athrú úsáide nó athsholátahr foirgneamh laistigh de bhailte agus de shráidbhailte á meas, déanfar lamhaltas ar son úsáid an tsuímh roimhe seo nuair a bhíonn na riachtanais pháirceála do charranna a chruthóidh an fhorbairt nua á ríomh. Maidir le suíomhanna inlíonadh agus suíomhanna i ngar do chonair iompair phoiblí nó do shaoráid pháirceála chathrach, déanfar meas ar fhorfheidhmiú solúbtha caighdeán. Chomh maithe le páirceáil charranna, beidh go leor spáis riachtanach i suíomh forbartha do na feithiclí seirbhíse uile atá riachtanach d'oibriú an ghnó nó an fhoirgnimh – lena n-áirítear ceantair ligthe, ceantair luchtaithe/díluchtaithe srl. Spreagfaidh an chomhairle soláthar cheantair dé-úsáide páirceála san áit nach dtarlaíonn buaicamanna úsáideoirí ag an am céanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le lánchaighdeáin pháirceála a shású i bhforbairtí úsáide measctha más féidir a léiriú go bhfuil páirceáil chomhroinnte indéanta.

CaighdeánSF 8: Srian ar Fhorbairt Thalmhaíochta
Srian a chur le forbairtí nach bhfuil bainteach le talmhaíocht nó le seirbhísí bonneagair a sholáthar do leas na ndaoine i gcoitinne ach amháin sa gcás go bhfuil riachtanais na tithíochta tuaithe á bhfreastal acu de réir choinníollacha Alt 4.8. de Pholasaithe Tithíochta Tuaithe agus polasaithe agus Caighdeáin Smacht Forbartha bainteacha, Caighdeán SF 11 (Tithíocht Tuaithe Cheadaithe) agus Caighdeán SF 1 (Rochtain chónaithe chuig Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Srianta Eile) den Phlean Forbartha.

CaighdeánSF 9: Caighdeain Smachtanna Tógála maidir le Draenáil Dromchla.
Déanfar draenáil ó dhromchla pábháilte a dhiúscáirt tar éis cóiriú oiriúnach chuig cúrsaí uisce oiriúnacha nó chuig ceantair le sú feiliúnach ar suíomh. Déanfar draenáil ar thaobh an bhóthair faoi mar atá, a chothú maidir le tithe tuaithe, trí phíobán draenála de mhéid oiriúnach a úsáid. Beidh fianaise áireamh deartha nó eile chun tacú le méid an phíobáin roghnaithe iniata le gach iarratas.
Ní cheadófar d'uisce dromchla sileadh ón bhforbairt mholta chuig bóthar poiblí in aon chás ar bith.

CaighdeánSF 10: Caighdeáin Smachtú Comharthaíocht
Ní cheadófar ach méid áirithe de chomharthaí fógraíochta ar bhóithre sna Ceantair tuaithe lasmuigh de theorainneacha na mbailte agus na sráidbhailte, agus bainfidh siad siúd le hiontais oidhreachta nó turasóireachta le spéis náisiúnta ag baint leo. Beidh córas ceadúnaithe do chomharthaí agus struchtúir ar bhóithre poiblí á fheidhmiú ag an Údarás Pleanála.
Déanfar an córas do chomharthaí méarphosta, a bhaineann le háitribh agus atá lonnaithe siar ó phríomhbhóithre, a fheidhmiú mar seo a leanas:

1. Cuaille aonair ceadaithe ar acomhal bóthair sa mbreis ar aon chomhartha teoraithe reachtúil deis an gComhairle Contae.
2. Uasmhéid de 4 chomhartha ar an gcuaille.
3. Ní bheidh ach comhartha méarphosta amháin ag aon áitreabh.
4. Beidh an t-áitreabh laistigh de 8 ciliméadar ó shuíomh an chomhartha.
5. Beidh comharthaíocht sa nGaeltacht trí Ghaeilge.

CaighdeánSF 11: Cloí le hAinmniúcháin um Leochaileacht Tírdhreacha
Beidh an smacht ar fhorbairt cheadaithe de réir na bpolasaithe faoi mar a bhaineann siad leis na 5 aicme leochaileacht tírdhreacha in Alt 5.4. faoi réir choinníollacha an Phlean, agus polasaithe lonnaíochta Alt 2. ach go háirithe agus an tsrian dá bharr ar fhorbairt i gceantair thuaithe.

Glacfar leis na cineálacha seo forbartha go ginearálta sna limistéir leochaileachta mar seo a leanas:

Aicme 1: Na forbairtí go léir a chloíonn leis na polasaithe lonnaíochta.

Aicme 2: Forbairtí éagsúla, atá ar scála agus dearadh feiliúnach agus atá ag cloí leis na polasaithe lonnaíochta.

Aicme 3: Roinnt forbairtí, iad siúd le cásanna cruthaithe do shuíomh ar leith agus atá ag cloí leis na polasaithe lonnaíochta san áireamh.

Aicme 4: Srianta chuig riachtanais riachtanacha líon tí agus gnó feirme clainne áitiúil.

Aicme 5: Ní cheadófar athrú fánach ach i gcásanna eisceachtúil.

Glactar leis gur áit speisialta iad oileáin ár gcósta agus go bhfuil cosaint de dhith orthu agus ag an am céanna go gcaithfear dul i ngleic le riachtanais áitiúla.

Baineann grádáil leochaileach Aicme 5 – uathúil, leis na hoileáin ar fad faoi láthair. Déanfar macnamh ar dhul i ngleic le riachtanais na tithíochta áitiúla sa gcás go mbeadh an fhorbairt ag teacht le coinníollacha an phlean. Ní cheadófar foirgnimh gnó thalmhaíochta i gceantar tírdhreacha atá grád uathúil nó speisialta ag baint leis. Ní cheadófar crainn thelechumarsáide i gceantar tírdhreacha le grád uathúil.

CaighdeánSF 12: Tithíocht cheadaithe faoin tuath

Beidh sé ceadaithe forbairt a dhéanamh i gceantair thuaithe agus ar thalamh atá luaite faoi Aicme 1 go Aicme 4 (san áireamh) na gCeantar le Leochaileacht tírdhreacha faoi réir choinníollacha smacht forbartha agus polasaithe an phlean seo. D'fhéadfadh go n-iarrfadh an Chomhairle ar iarrthóirí i gceantair Aicme 3 agus Aicme 4 meastachán maidir le hiombualadh radharc a bhforbairt a chur ar fáil áit a bhfuil an fhorbairt lonnaithe i gceantar ainmnithe mar "Pointí Fócais/ Radharcanna" i Meastachtán Charachtar Tírdhreacha an Chontae. Tabharfar cead freastal ar riachtanais na tithíochta áitiúla de réir théarmaí Pholasaí Tithíocht faoin Tuath faoi mar atá sainmhínithe in alt 4.8 agus 4.9 atá mar Pholasaithe 84, 85, 86, 87, 88, 89, 90, 93, 94 agus 97 i gceantair Aicme 5 faoi réir choinníollacha smacht forbartha agus polasaithe an phlean seo.

Sna hOileáin, beidh Oileánaigh atá ag obair ar an mórthír, agus a mhaireann ar an Oileán nuair nach bhfuil siad ar an mórthír le haghaidh cúrsaí oibre agus gur chuid intreach den phobal tuaithe iad san áireamh san Aimce ceadaithe do Thithíocht faoin Tuath.

CaighdeánSF 13: Forbairt á fhí isteach sa tírdhreach

Ba cheart d'fhoirgnimh cheadaithe suímh ardaithe go háitiúil a sheachaint agus a bheith lonnaithe ar mheán-chlaonadh nó ar chlaonta níos ísle de thalamh atá ag ardú. Ba cheart go ndéanfadh forbairt iarracht pátrúin pháirce thraidisiúnta agus fálta agus coillte bunaithe a chaomhnú.

Cuirfidh aon fhorbairt cheadaithe tithíochta "Treoirlínte Deartha don Teach Aonair Tuaithe" san áireamh.

CaighdeánSF 14: Forbairt ar Fheirm Ghaoithe

Déanfar forbairt ar fheirm Ghaoithe a áisiú sa gceantar atá ainmnithe mar cheantar oiriúnach (Figiúr 9).

CaighdeánSF 15: Forbairt laistigh de cheantair lonnaíochta

Beidh aird ag forbairtí in ionaid lonnaíochta, atá lonnaithe in aicmí 3, 4, 5, den rangú tírdhreacha ar radharcanna le fiúntas áilleachta ar leith.

CaighdeánSF 16: Suíomh do thithe aonair atá ag úsáid córais chóireáil uisce fhuílligh ar leith.

Beidh gá le híosmhéid suímh de 2000 méadar cearnach (.5 acra) do theach aonair chun an cóireáil séarachais, páirceáil, tírdhreachtú, spás oscailte agus cothú áilleacht na tuaithe a

sholáthar. I gcás suíomhanna atá níos lú ná 2000 méadar cearnach déanfar iad a mheas de réir staire, comhthéacs, ionaid agus acmhainne an tsuímh. Do thithe níos mó ná 200 méadar cearnach caithfear méid an tsuímh a mhéadú 10 méadar cearnach do gach méadar cearnach níos mó ná 200 méadar cearnach atá sa teach. Ní bhainfidh na riachtanais maidír le méid suímh do thíthe níos mó ná 2000 meadar cearnach li tithe atá ann cheanna féin. Déanfar na riachtanais seo a lúbadh faoi réir cloí leis na caighdeáin tráchta agus timpeallachta chuí, áit ina bhfuil forbairt le déanamh ar fhoirgnimh thréigthe nó leath-thréigthe.

CaighdeánSF 17: Caighdeáin maidir le háiseanna um chóireáil séarachais
Déanfar oiriúnacht an tsuímh do chóireáil séarachas tí a mheas, go hiomlán agus go haonarach de réir an chritéir atá leagtha amach i Lámhleabhair um Chóireáil Uisce Fhuílligh ÚCT., nó aon athbhreithniú ar an lámhleabhar seo nó aon lámhleabhar a thagann ina áit.

Beidh a dhabhach séarachais nó a phlanda cóireála féin ag gach teach agus ní bheidh an áis seo á roinnt le teach ar bith eile ach i gcásanna eisceachtúla.

Ceadófar plandaí chóireáil uisce fhuílligh i gcás scéimeanna tithíochta cnuasaigh fad agus go bhfuil siad tógtha agus deartha de réir Lámhleabhar Cóireála ÚCT.

Bainfidh 'Lámhleabhar um Cóireáil Uisce Fhuílligh ÚCT – Córais chóireála do thithe Aonair" le tithe aonair. Lámhleabhair um Chóireáil Uisce Fhuílligh ÚCT – córais chóireála do ghnó, ionaid shiamsaíochta agus óstáin i bpobail bheaga le forbairtí níos mó.
Beidh deimhniú riachtanach go bhfuil na dabhaigh shéarachais folmhaithe de réir threoirlínte an ÚCT.

CaighdeánSF 18: Plandaí Cóireála Úinéireachta
Beidh na nithe seo a leanas riachtanach do Chead Pleanála
1. Conartha cothbhála do chórais chóireáil úinéireachta
2. Meastacháin dheartha ag tacú le rogha cineál áirithe agus méid an phlanda.
3. Deimhniú gur folmhaíodh na dabhaigh shéarachais de réir threoirlínte an ÚCT.

CaighdeánSF 19: Séarachas Talmhaíochta
Déanfar, i gcás séarachas talmhaíochta, an dramhaíl shalach leachta a bhailiú agus a stóráil i dtancanna atá deartha de réir chaighdeáin na Ranna Talmhaíochta agus Bia, sula ndéanfar cóireáil eile orthu nó a spréitear iad ar thailte i gcoinníollacha aimsire oiriúnacha.

Ba cheart meastacháin dheartha a thacaíonn le rogha toirt ar leith stórála agus sonraí den limistéar spréite a bheith iniata le gach iarratas.

CaighdeánSF 20: Cosc ar Thruailliú ar Uisce Talún
Cuirfidh oibreacha forbartha caomhnú uisce talún agus caighdeán uisce dromchla san áireamh ach go háirithe le linn gach céim tógála.

CaighdeánSF 21: Foirgnimh thalmhaíochta
Ceadófar foirgnimh, atá bainteach le gníomhaíocht thraidisiúnta fheirme, in áiteanna oiriúnacha ar an bhfeirm. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála an méid seo a leanas san áireamh agus iad ag plé le hiarratais phleanála d'fhoirgneamh dá leithéid:
1. Caighdeán deartha agus leagan amach na feirime.
2. Gaireacht aon teach cónaithe reatha.
3. Rochtain shábháilte chuig bóithre poiblí.
4. Comhshamhlú na bhfoirgneamh sa tírdhreach tuaithe trí láithriú feiliúnach, dath seachtrach, scáthlánú agus crios foscaidh.

CaighdeánSF 22: Foirgnimh stórála gnó-talún

Glacfar leis i gcás foirgnimh stórála gnó-talún eile nach bhfuil bainteach go díreach le gníomhaíocht na feirme áitiúla go mbeidh siad lonnaithe in ionaid lonnaíochta nó i mbailte le tailte tráchtála/tionsclaíochta mura ndéantar cás speisialta ar leith do láithriú tuaithe. Ní cheadófar, ar aon nós, foirgnimh mar sin i dtírdhreacha le rangú 'uathúil' nó 'speisialta'.

CaighdeánSF 23: Turasóireacht Talún

1 Is in úinéireacht chlann na feirme a bheidh an lóistín agus na gnónna breise.
2 Beidh na foirgnimh lóistín i ngaireacht an teach feirme reatha.
3 Cuirfear áiseanna oiriúnacha ar fáil do chóireáil shéarachais.
4 Cuifear páirceáil oiriúnach ar an suíomh ar fáil agus rochtain shábháilte chuig an mbóthar poiblí.

CaighdeánSF 24: Feirmeacha Gaoithe:

Beidh gineadh leictreachais ó fhuinneamh gaoithe faoi réir iad seo a leanas: -

1 Ag cloí go ginearálta leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Comhshaoil i 1996 agus cuirfear Treoirlínte an Chleachtaidh is fearr d'fhorbairt Fhuinneamh Gaoithe a d'fhoilsigh Cumann Fuinneamh Gaoithe na hEorpa san áireamh.
2 Lonnaithe i gceantair thírdhreacha atá oiriúnach d'fhorbairt mar seo. (Figúr 9).
3 Lonnaithe sa gcaoi is nach ndéanfar dochar d'áilleacht chónaithe ó thorann nó ó éifeacht phreabtha.
4 Idircheangailt leis an ngreille leictreachais thar nó faoi thalamh sa tírdhreach le rátáil 'uathúil' a sheachaint.
5 Cuirfidh forbairtí feirmeacha gaoithe slándáil ar fáil trí an bóthar poiblí a fhreastlaíonn ar an bhforbairt a láidriú agus a chothú.
6 Má thiteann an fheirm ghaoithe as úsáid, déanfar an planda a thógáil as an suíomh agus déanfar oibreacha athchóirithe a chur i gcrích.

CaighdeánSF 25: Línte Traschurtha Leictreachas:

Is gné riachtanach agus nach féidir a sheachaint atá sna línte traschurtha leictreachais chun an fuinneamh atá riachtanach do dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a sholáthar.

1 Seachnóidh línte traschurtha tírdhreacha le rátáil speisialta agus uathúil áit nach bhfuiltear ag trasnú ceantair mar seo cheana féin. (Figúr 7)
2 Cuirfear áilleacht chónaithe reatha san áireamh le línte nua traschurtha agus ba cheart go seachnófaí aon laghdú suntasach ar radharcanna le fiúntas áilleachta speisialta.
3 Beidh sceideal éileamh iniata le hiarratais ar línte nua traschurtha.

CaighdeánSF 26: Crainn Theileachumarsáide .

Beidh na caighdeáin seo a leanas i bhfeidhm áit a bhfuil tógáil crann agus aeróga faoin tuath riachtanach de bharr staid reatha na teicneolaíochta:

1 Ní cheadófar crainn i dtírdhreach le leochaileacht 'uathúil'.
2 Ba cheart go mbeadh crainn agus na háiseanna bunstáisiúin bainteacha lonnaithe siar ó áitribh agus scoileanna reatha.
3 Ba cheart go mbeadh crainn deartha agus lonnaithe sa gcaoi is go mbeidh an tionchar is ísle acu ar an tírdhreach. Bheadh suímh i bhforaoiseacht inmhianta más féidir.
4 Ba cheart do cheadúnaithe iarracht a dhéanamh a gcuid seirbhísí a chomhlonnú agus crann amháin a roinnt, nó más gá, crainn bhreise a lonnú i bhfoirm chnuasaigh.
5 Ba cheart go mbeadh sconsáil slándála agus gaireas frith-dhreaptha i gcumasc crann.
6 I gcás aon stop le crann ar bith, déanfar an crann agus an trealamh a thógáil ón suíomh agus an talamh a chur ar ais mar a bhí.
7 Ceadófar cead do chrann telecumarsáide ar feadh tréimhse 5 bliana chun staid na teicneolaíochta a mheas agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá dul ar aghaidh leis an gcead don leas náisiúnta.

CaighdeánSF 27: Suímh Champála agus Charbháin
Cuirfidh aon suímh champála nó charbháin laistigh de lonnaíochtaí, carachtar reatha an tsráidbhaile agus a áilleacht chónaithe san áireamh ina scála agus ina ndearadh leagan amach. Cuirfear plean feidhmithe bainistíochta faoi iamh leis an iarratas pleanála riachtanach.

CaighdeánSF 28: Bailte Saoire
Is fearr go mbeadh forbairt tithe saoire ar scála cuí a bhraisliú i mbailte beaga agus i sráidbhailte nó in aice leo agus moltar forbairtí cuí ar an mbonneagar turasóireachta (a meastar a bheith oiriúnach faoi fhorálacha Pholasaí 177 den Phlean Forbartha Contae). Aithníonn an Chomhairle nach féidir cúrsaí gailf agus saoráidí áirithe bonneagar turasóireachta eile atá liostaithe i bPolasaí 177 a sholáthar mar fhorbairtí neamhspleácha agus go mbíonn saoráidí cúntacha (m.sh. clubthithe, óstán, cíoríocht/forbairt chónaitheach) ag teastáil go minic ionas go mbeidh siad inmharthanach sa bhfadtéarma. Nuair a shásaíonn soláthar saoráidí mar seo riachtanais eile an Phlean Forbartha Contae mar atá siad leagtha amach agus riachtanais na pleanála cuí, agus na forbartha inmharthanaí, is é beartas na Comhairle tacú lena soláthar faoi réir ag na nithe seo leanas a bheith curtha faoina bráid, (1) fírinniú cuimsitheach ar an ngá atá leis an saoráid, (2) máistirphlean foriomlán den tsaoráid, agus (3) fianaise dhocaiméadach faoi ghéilliúntas do riachtanais eile an Phlean forbartha mar atá leagtha amach anseo.

Cuirfidh baile saoire laistigh de lonnaíochtaí na nithe seo a leanas san áireamh:
1 Ba cheart go mbeadh scála na forbartha ar mhéid measartha agus ba cheart go mbeadh baint aige le méid na lonnaíochta.
2 Ba cheart go mbeadh dearadh na scéime ar ardchaighdeán agus ba cheart go mbeadh caomhnú ar thréithe teorainne agus tréithe ar leith suímh chomh maith le soláthar páirceáil do charranna, limistéar stóráil dramhíola, soilsiú poiblí, san áireamh leis.
3 Beidh an baile i seilbh aon chomhlacht amháin agus ní dhéanfar na haonaid a dhíol mar thithe aonair saoire.
4 Déanfar aon phlean feidhmiúil bainistíochta a chur isteach leis an iarratas pleanála cuí.

CaighdeánSF 29: Forbairt Stoite
Beidh na sonraí seo a leanas lárnach chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas pleanála ar fhorbairt stoite:
1 Méid na húinéireachta talún
2 NáD urn a bhfosuithe ar fad
3 Na modhanna tochailte agus na hinnealra a bheas in úsáid.
4 An méid táirgithe in am ar leith
5 Modhanna chun iombualadh comhshaoil a laghdú
6 Bealaí feithicle ón suíomh chuig príomhbhealaí tráchta
7 Scéim athleasuithe agus iar-chúram
8 Aon Staidéar Iombualadh Comhshaoil atá riachtanach go reachtúil
9 Gaireacht forbairtí eile

CaighdeánSF 30: Forbairtí Cónaithe i Lonnaíochtaí, i mBailte agus I Sráidbhailte.
Teora a chur le ráta méadaithe na forbartha sa gcaoi go mbeidh a scála comhoiriúnach leis an dáileadh atá léirithe do cheantair éagsúla i alt 2.13 faoi réir áis dóibh siúd le riachtanas riachtanach tithíochta forbairt a dhéanamh ina gceantar féin. Tuigeann an Comhairle nach mbeidh an ráta méadaithe lonnaíochta seo indéanta ach san áit a bhfuil bonneagar cuí ar fáil. San áit nach bhfuil agus gur seansnacah mbeidh bonneagar a cheadódh scála agus ráta na forbartha san áireamh leis an straitéis lonnaíochta do thréimhse an phlean, breathnóidh an Chomhairle an bhféadfadh siadsan dul i ngleic leis an riachtanas tithíochta aitheanta sna ceantair tuaithe nó i gceantair áitiúla áit a bhfuil toilliú seirbhísí ann nó go bhféadfaí é a sholáthar.

Beidh tithíocht den chineál cnuasach socruithe ach i gcomhair leis an bhfoilseachán 'Treoirlínte: Dearadh ar thithíocht chnuasaithe na Gaillimhe'

Cloífidh tithe aonair le seirbhís dabhaigh shéarachais nó le planda cóireála uínéireachta le Caighdeán SF 17. Beidh íosfhad glan de 5 méadar ó imeallacha taobh an tsuímh ag tithe urlár amháin.

Beidh íosfhad glan de 5 méadar go imeallacha taobh an tsuímh ag tithe dhá stór agus ní bheidh taobh-fhuinneog tseomra chónaithe ar an chéad urlár suite ar bhealach a chuirfeadh as do phríomháideachas tithe cónaithe eile.

Beidh tithe 'ion-líonadh' i suímh ar shráideanna sráidbhailte comhoiriúnach le tréithe deartha máguaird.
Cuirfear "Treoirlínte Deartha don Teach Aonair Tuaithe" san áireamh le tithe aonair.

Déanfar tagairt do choibheas phlota an fhoirgnimh is comhgaraí nó don choibheas phlota reatha ar an suíomh maidir le suímh shráide 'ion-líonadh' chun an coibheas plota cuí a shocrú.

Déanfar uimhreacha a chur ar thithe in eastát tithíochta de réir scéim chomhaontaithe. Beidh na huimhreacha seo soiléir agus ar taispeáint go soiléir.

CaighdeánSF 31: Forbairtí Tráchtála
Déanfar forbairt 'ion-líonadh' ar shráideanna i mbailte nó i sráidbhailte a dhearadh chun teacht leis an tsráiddhreach reatha. Cuirfear páirceáil ar-suíomh ar fáil ar chúl na bhfoirgneamh ag ráta 3 spás do gach 100 m2 faoi mar is féidir i gcás forbartha 'ion-líonta'. Cuirfear páirceáil ar fáil ar an suíomh ag ráta 3 spás do gach 100 m2 i gcás fhorbairt ar pháirc ghlas. Cuirfear rochtain ar fáil do dhaoine éagumasacha.

Beidh comharthaíocht srianta chuig ainm an fhoirgnimh péinteáilte ar nó greamaithe ar thosach an fhoirgnimh agus soilsithe más gá le solas seachtrach ar bhealach nach cuirfeadh as do dhaoine ar an mbóthar nó do dhaoine le maoin béal dorais.
Ní cheadófar aon chomharthaí ar urlios nó ar chosán poiblí.
Clúdú Suímh
1 Ní bheidh sé níos mó ná 75% do urlár amháin nó 6 m ar airde
2 Ní bheidh níos mó ná 60% de ghnáth do dhá urlár nó 9 m ar airde
3 Ní bheidh níos mó ná 50% de ghnáth do thrí urlár nó 12 m ar aired

Beidh stóráil dramhíola agus scaradh lena n-áirítear feitheamh bailiú agus diúscairt ar fáil ar suímh.
A bheas i gceist am dúnta de 12.30 r..n. i gcás ionaid bhia 'greim gasta' te ceadaithe.

Ní cheadófar comhlaí a rothlaíonn anuas a chur ar thaobh amuigh an tosaigh. Beidh aon scrín slándála riachtanach laistigh d'fhuinneoga an tsiopa.

CaighdeánSF 32: Stáisiúin Líonta Peitril
Beidh tosach bóthair/sráide de 30 méadar ar a laghad riachtanach.
Déanfar balla íseal d'airde tuairim's 0.6 méadar a thógáil ag an tosach le cead do dhá phointe rochtana 8 méadar ar leithead an ceann.
Ní bheidh an t-oileán pumpála níos lú ná 7 méadar ón gcosán/teorainn bóthair.
Ní cheadófar cnuasach comharthaíochta ar bith.

CaighdeánSF 33: Struchtúir Chosanta nó Struchtúir Chostanta mholta

Beidh gá le Dréacht-threoir Shuirbhé Ailtireachta agus Measatacháin, maidir leis an gCleachtas is Fearr and the *"Treoirlínte maidir le Cosaint na hOidhreachta Seandálaíochta d'Údaráis Phleanála, An Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2004* mar bhunriachtanas d'Iarratais Phleanála ar oibreacha ar Structúir chosanta nó struchtúir chosanta mholta.
Na treoirlínte Caomhnaithe a d'eisigh an Roinn Comhshaoil agus rialtas áitiúil.
Treoirlínte Cosaint Oidhreacht Ailtireachta a d'eisigh an tAire Ealaíon, Gaeltachta agus Oileán, agus Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta chuig na húdaráis áitiúla.

CaighdeánSF 34: Forbairt Tionsclaíochta

Glacfar leis nach ceadófar ach próisis thirime thionsclaíochta de mhéid measartha agus den chineál nach gcuirfeadh as do nó i mbaol timpeallacht chónaithe ardcheannasach na mbailte agus na sráidbhailte :

1 Cuirfear smacht ar uaireanta oibre tionsclaíochta san áit a d'fhéadfadh siad dochar a dhéanamh d'áiseanna comhshaoil lena n-áirítear áis chónaithe.
2 Ní rachaidh leibhéil na fuaime níos airde ná 55 db (a) Leq nuair a thomhaisfear é ag imeall an tsuímh.
3 Déanfar soláthar ar an suíomh i limistéar le scrín do dhramhaíl ghearrthéarmach agus do stóráil dramhaíl scartha atá bailiúcháin agus diúscairt le déanamh uirthi.
4 Beidh comharthaí fógraochtasrianta chuig ainm an fhoirgnimh péinteáilte ar nó greamaithe ar thosach an fhoirgnimh agus soilsithe más gá le solas seachtrach ar bhealach nach cuirfeadh as do dhaoine ar an mbóthar nó do dhaoine le maoin béal dorais.
5 Ní bheidh clúdú suímh níos mó ná 75% de ghnáth nó ní bheidh coibheas plota níos mó ná 1.2.
6 Beidh scéim phlandála chuimsitheach ullmhaithe go gairmiúil riachtanach don suíomh.
7 Cuirfear páirceáil ar-suíomh ar fáil ag ráta 3 spás do gach 100 m2 d'achar urláir agus cuirfear spás breise ar fáil do pháirceáil agus lódáil feithiclí móra

CaighdeánSF 35: Caighdeáin Smacht Forbartha maidir le forbairt foraoiseachta.

Cloífidh soláthar agus cothbháil crann leis na riachtanais i "Caighdeán Foraoiseachta Náisiúnta na hÉireann 2000" agus cuirfear na treoirlínte seo a leanas a d'fhoilsigh an tSeirbhís Foraoiseachta san áireamh le haon mholtaí maidir le forbairt fhoraoiseachta.

- Treoirlínte Foraoiseachta agus Tírdhreacha
- Treoirlínte Foraoiseachta agus Caighdeán Uisce
- Treoirlínte Foraoiseachta Bith-éagsúlachta
- Treoirlínte Fómhar Foraoiseachta agus Timpeallachta

Tá cead Pleanála agus Meastachán um Iombualadh timpeallachta riachtanach d'iarratais chun foraois a chur nó a bhaint atá os cionn na tairsigh atá leagtha amach i *Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001.*

Ní dhéanfar macnamh ar fhoraoisiú ach sna ceantair atá dlite a bheith oiriúnach do leithéid d'fhorbairt sa *Meastachán Carachtar Tírdhreacha* (Figiúr 8). Tá moltaí mine d'fhorbairt foraoiseachta i gcodanna éagsúla den tír leagtha amach sa doiciméad seo agus ba cheart go mbeadh aon mholadh de réir na moltaí seo.

CaighdeánSF 36: Caomhnú agus Cothú Seandálaíochta

Caithfidh iarratais phleanála ar fhorbairt nua, athfhorbairt, aon oibreacha talún, athshocrú, oibreacha athchóirithe 'srl laistigh de limistéir le féidearthachtaí ailtireachta agus laistigh de ghaireacht ghar de shuímh thaifeadtha oidhreacht sheandálaíochta an cheantair agus riachtanas

in-imirceacht sheandálaíochta a chur san áireamh. Cuirfear éitimh faoi bhráid Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta.

CaighdeánSF 37: Treoirlínte Seandálaíochta agus Forbartha
Caithfidh forbairtheoirí macnamh ceart a dhéanamh ar *'Seandálaíocht & Forbairt.: Na Treoirlínte um Chleachtas Mhaith d' Fhorbairtheoirí.*

CaighdeánSF 38: Forbairt ar Theorainn na Gaeltachta
Caithfear féidearthachtaí iombualadh aon fhorbairt ar theorainn na Gaeltachta a chur san áireamh nuair atá iarratais na forbartha á meas.

Cuspóirí Criosaithe um úsáid talún agus Máithris Chriosaithe

Tá limistéir chriosaithe atá sa Phlean Ceantair Áitiúil ann do na húsáidí sin i limistéir ar leith ar mhaithe le cuspóirí ar leith faoi mar atá sainmhínithe sna hAchtanna Pleanála. Tá an cuspóir criosaithe do gach limistéar sa sráidbhaile léirithe ar an tábla máithrise agus léirítear na húsáidí ar féidir nó nach féidir breathnú orthu faoi gach cuspóir aitheanta sa phlean. Glactar leis nach seo liosta gan deireadh de chriosanna le poitéinseal úsáid talún a d'fhéadfadh a bheith molta. Déanfar macnamh ar na húsáidí talún sin nach bhfuil liostáilte sa Máithris i Sceideal 1 maidir le fiúntas an iarratais phleanála ar leith, polasaithe ginearálta agus cuspóirí criosaithe don limistéar lena n-áirítear pleanáil cheart agus forbairt inmharthana an cheantair.

Béifear ag tnúth go mbeidh cuspóirí forbartha ag teacht leis an máithris chriosaithe um úsáid talún seo. Déanfar macnamh i gcásanna áirithe ar úsáidí ar leith a chuirfeadh buntáiste ar fáil don phobal forleathan san Ceathru Rua nó sa Spidéal a bheadh ar son phleanáil cheart agus forbairt inmharthana an cheantair. Beidh na húsáidí seo riachtanach freisin chun léiriú go bhfuil siad ag teacht le caighdeáin fhorbartha an Phlean agus riachtanais an Phlean maidir le sláinte phoiblí, sábháilteacht tráchta, áilleacht chónaithe, oidhreacht, dearadh agus áilleacht radharcach.

Ceadaithe i bPrionsabal (/)
Glacfar go ginearálta le húsáidí talún atá aitheanta faoi gach cuspóir criosaithe mar 'ceadaithe i bprionsabal', faoi réir cloí le polasaithe, caighdeáin agus riachtanais ábhartha atá iniata sa Phlean.

Oscailte do Mhacnamh (O)
Glacfar le húsáidí talún atá léirithe mar 'Oscailte do Mhacnamh' i bprionsabal i ngach cuid den limistéar ábhartha úsáide. D'fhéadfaí go nglacfaí leis na húsáidí seo i gcásanna go bhfuil cuspóirí ginearálta an chrios agus úsáidí ceadaithe nó reatha ag teacht le spéiseana phleanáil cheart agus forbairt inmharthana an cheantair.

Níl ceadaithe (X)
Ní bheidh úsáidí talún nach bhfuil léirithe mar 'Ceadaithe i bPrionsabal' nó 'Oscailte do Mhacnamh' ceadaithe de ghnáth.

Úsáidí Eile
Déanfar macnamh ar úsáidí talún molta nach bhfuil liostáilte sa Máithris ar fiúntais iarratas pleanála aonair, polasaithe ginearálta agus cuspóirí criosaithe don cheantar lena n-áirítear pleanáil cheart agus forbairt inmharthana an cheantair.

Tá rangú déanta ar úsáidí talún anseo thíos. Ba cheart breathnú ar gach crios mar criosanna le forbairt mheasctha i gcomhthéacs an tsráidbhaile. Ba cheart breathnú ar chriosanna mar chriosanna úsáid príomha ach gan forbairt eile a mhothaíonn an Chomhairle a bheith riachtanach d'fhorbairt inmharthana agus cheart an bhaile a bheith fágtha ar lár.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí úsáid talún Cónaithe (R)** mar seo a leanas:
- Chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chónaithe.
- Chun soláthar a dhéanamh do roghanna cónaithe.
- Chun cosaint a dhéanamh d'áilleacht chónaithe.
- Chun soláthar a dhéanamh d'áiseanna siopadóireachta, áilleachta, siamsaíochta, oideachais, cúram leanaí, pobail agus athchúrsála.
- Chun seirbhísí poiblí a sholáthar.
- Chun lóistín turasóireachta a sholáthar.
- Chun roghanna fuinneamh inathnuaite a sholáthar.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí criosaithe talmhaíochta (A)** mar seo a leanas:

- Carachtar tuaithe a chaomnú.
- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt thalamhaíochta.
- Forbairt a shrianú a chruthódh réamh-éileamh do sheirbhísí bonneagair.
- Srian a chur le forbairt gan smacht ar chúlthailte.
- Áiseanna/ionad athchúrsála a sholáthar & macnamh a dhéanamh ar roghanna diúscairt dramhíola.
- Soláthar a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta bunaithe sa teach.
- Áiseanna siamsaíochta agus fóillíochta a sholáthar.
- Soláthar seirbhísí cuí poiblí a aimsiú.
- Srian a chur le forbairt nua chónaithe chuig riachtanas riachtanach tithíochta.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí criosaithe (VC)** mar seo a leanas:

- Siopadóireacht agus stóir mhiondíola a sholáthar.
- Forbairt oifige a sholáthar.
- Úsáidí lár sráidbhaile cuí eile lena n-áirítear arásáin úrlair uachtaraigh a sholáthar.
- Áilleacht reatha chathartha, carachtar lár sráidbhaile, agus suímh thógála oidhreachta a chaomhnú.
- Áilleacht chathartha a fheabhsú trí chaighdeáin arda um dhearadh uirbeach.
- Forbairt chuí ar shuímh inlíonta a sholáthar.
- Áiseanna áilleachta, siamsaíochta, oideachais, cúram leanaí, pobail, airgeadais, ionaid pháirceála, shláinte agus athchúrsála.
- Struchtúir fhógraíochta agus fógraíocht a sholáthar.
- Soláthar seirbhísí poiblí feiliúnacha a aimsiú.
- Gníomhaíochtaí bainteach le turasóireacht a sholáthar.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí criosaithe tionsclaíochta (I)** mar seo a leanas:

- Déantúsaíocht agus tionscal seirbhíse agus áiseanna teoranta stórála a sholáthar.
- Forbairt chónaithe a shrianú.
- Áiseanna traenála, oideachais, cúram leanaí, airgeadais, páirceála agus athchúrsála agus roghanna diúscairt dramhíola a sholáthar.
- Struchtúir fhógraíochta agus fógraíocht a sholáthar.
- Soláthar seirbhísí poiblí feiliúnacha a aimsiú.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí criosaithe Siamsaíochta agus Taitneamhachta (RA)** mar seo a leanas:

- Spás oscailte poiblí a sholáthar.
- Scéimeanna feabhsú taitneamhachta a sholáthar.
- Bruach na habhann agus oidhreacht thógtha a chosaint.
- Macnamh ar áiseanna pobail agus athchúrsála a áisiú.

Déanfar cur síos ar **cuspóirí criosaithe áiseanna pobail (CF)** mar seo a leanas:

- Áiseanna sláinte, leas, creidimh, oideachasúla, cúram leanaí agus athchúrsála. Soláthar seirbhísí poiblí feiliúnacha a aimsiú.

Eochair

/ Ceadaithe i bprionsabal
O Oscailte do Mhacnamh
X Ní cheadaítear de ghnáth

(R) Cónaithe
(AG) Talmhaíocht
(VC) Lár Sráidbhaile (Forbairt Mheasctha)
(IE) Tionsclaíocht & Fiontar
(RA) Siamsaíocht agus taitneamhacht
(CF) Áis Phobail

Úsáid	**R**	**AG**	**VC**	**IE**	**RA**	**CF**
Seamlas	X	X	X	X	X	X
Fógraíochtaí & Struchtúir Fhógraíochta	X	X	/	/	X	O
Aerstraíce	X	X	X	X	X	X
Foirgnimh Thalmhaíochta	O	/	X	X	X	X
Turasóireacht Talmhaíochta	O	X	O	X	X	O
Gnó-Talmhaíochta	X	X	O	/	X	O
Ionad Siamsaíochta	X	X	O	X	X	X
Planda Díleá anearobach	O	O	X	X	X	X
Árasáin	X	X	/	X	X	X
ATM	X	X	/	O	X	X
Banc	X	X	/	X	X	O
Lóistín	X	X	O	X	X	X
Geallghlacadóir	X	X	/	X	X	X
Conchrónna Saoire	X	/	X	X	X	O
Bancanna Tabhartha	O	O	/	O	O	/
Foirgnimh do shláinte, sábháilteacht agus leas an phobail	O	X	/	X	X	/
Cumann Tógála	X	X	/	X	X	X
Café	X	X	/	O	X	O
Páirc Charbháin - Saoire	O	X	X	X	X	X
Páirc Charbháin - Cónaithe	O	X	X	X	X	X
Áis scriosadh Carranna	X	X	X	O	X	X
Carrchlós	O	O	/	O	O	O
Íoc agus Tóg/ Ionad Miondíola	X	X	O	O	X	X
Trádáil Ócáideach	X	X	O	X	X	X
Reilig	X	O	X	X	X	O
Pictiúrlann	X	X	/	X	X	X
Áis Phobail	X	X	/	X	O	/
Planda Concréite 'srl	X	X	X	O	X	X
Ceimiceoir	X	X	/	X	X	O
Áiseanna Leanaí (Crèche/ Naíonra)	X	X	/	/	X	/
Úsáid Chultúrtha	O	X	/	X	O	O
Páirceanna Spraoi Leanaí	O	X	O	O	O	/
Áis Athchúrsála Chathartha	O	/	O	/	X	/
Clubtheach & Áiseanna Bainteacha	O	X	/	X	/	/

Úsáid	**R**	**AG**	**VC**	**IE**	**RA**	**CF**
Garáiste Tráchtála	X	X	/	/	X	X
Ionad Múirínithe	O	/	X	/	O	O
Ionad Comhdhála	X	X	/	O	X	X
Tógáil & Scrios, Ionad Athchúrsála Dramhíola	X	X	X	/	X	X
Comharcreidmheasa	X	X	/	O	X	O
DIY/ Ionad Gairdín	X	X	/	/	X	X
Halla Damhsa/Dioscó	X	X	/	X	X	O
Dochtúir/Fiaclóir	X	X	/	X	X	O
Bialann -tiomáint tríd	X	X	O	O	X	X
Oideachas	X	X	/	O	X	/
Ionad Fiontair	X	X	O	/	X	O
Aonad Fiontair/Tionscal Campus	X	X	O	/	X	X
Teach Tórraimh	X	X	O	X	X	/
Ionad Gairdín	X	O	/	O	X	X
Galfchúrsa/ Pitch & Putt	X	O	X	X	/	X
Teach Lóistín**	X	O	/	X	X	X
Giom	X	X	/	O	X	O
Gruaigaire	X	X	/	O	X	X
Ionaid Sheasta/Grúpthithíocht	X	X	X	X	X	X
Ionad Dramhíola Baolaí	X	X	X	/	X	X
Ionad Sláinte	X	X	/	X	X	O
Páirc Fheithiclí Troma	X	X	X	/	X	X
Tithe Saoire	O	X	/	X	X	X
Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta bunaithe sa teach (Gnó Baile)	O	O	O	X	X	X
Ospidéal	X	X	O	O	X	/
Brú	X	X	/	X	X	X
Óstán	X	X	/	X	X	X
Ionad Bhreosla Tí	X	X	X	O	X	X
Tionscal-Asbhaint	X	X	X	O	X	X
Tionscal-Ginearálta	X	X	X	/	X	X
Tionscal-Éadrom	X	X	O	/	X	X
Tionscal-Speisialta	X	X	X	/	X	X
Áis Níocháin	X	X	/	O	X	X
Ionad Fóillíochta	X	X	/	O	X	O
Leabharlann	X	X	/	X	X	/
Comharchumann	X	O	X	/	X	X
Taifeadadh Meán agus Úsáidí ginearálta bainteach leis na meáin	O	X	O	O	X	O
Comhairleoirí Leighis & Eile	X	X	/	X	X	O
Díolachán Carranna	X	X	/	/	X	X
Loscóir Dramhíola Cathartha	X	X	X	O	X	X
Oifig - Cónaithe	O	X**	/	X	X	X
Tionscal Bunaithe in Oifig	X	X	/	/	X	X

Úsáid	**R**	**AG**	**VC**	**IE**	**RA**	**CF**
Oifigí níos lú ná 100m^2	O	X	/	O	X	O

Oifigí 100m^2 go 1000m^2	X	X	/	O	X	O
Oifigí níos mó ná 1000m^2	X	X	O	O	X	X
Oifigí Eile	X	X	O	/	X	X
Spás Oscailte	O	/	/	/	/	/
Áis Pháirceáil & Tiomáin	X	X	O	/	X	X
Garáiste Príomháideach (neamhthráchtáil)	O	O	O	X	X	X
Stáisiún Peitril	X	X	O	/	X	X
Áit phoiblí adhrachta	O	X	/	X	X	/
Planda/Uirlis ar chíos	X	X	X	/	X	X
Páirc Imeartha	O	O	X	O	/	/
Pub	X	X	/	X	X	X
Insealbhú Seirbhíse Poiblí	O	O	/	/	X	X
Áis Athchúrsála < 2000sqm	X	O	/	/	X	X
Áis Athchúrsála > 2000sqm	X	O	O	/	X	X
Ionad Líonta Talún Dramhíola	X	X	X	O	X	X
Stáisiún Aistriú Dramhíola	X	X	X	O	X	X
Cónaithe	O	O*	/***	X	X	O
Institiúid Chónaithe	O	X	O	X	X	O
Bialann	X	X	/	O	X	X
Stóras Miondíola	X	X	O	O	X	X
Teach Éirí As - Teach Altrais	O	X	O	X	X	/
Ionad Athúsáide agus Athchóirithe	X	X	O	/	X	X
Tionscal Tuaithe - Bia	O	I	X	O	X	X
Fiontar bunaithe ar eolaíocht agus Teicneolaíocht	X	X	X	/	X	X
Siopa (comparáid)	X	X	/	O	X	X
Siopa (caoithiúlacht)	X	X	/	X	X	X
Ionad Siopadóireacht	X	X	/	X	X	X
Siopa (comharsanacht)	X	X	/	X	X	X
Déantúsaíocht Scála Beag	X	X	O	/	X	X
Bia gasta	X	X	/	O	X	X
Tele-seirbhísí	X	X	O	O	X	X
Institiúid Tríú Leibhéal	X	X	O	O	X	O
Ionad Traenála	X	X	O	/	X	O
Ionad Iompair	X	X	O	O	X	X
Tréidlia	X	O	O	O	X	X
Stóras	X	X	O	/	X	X
Stóras (miondíol/neamh-bhia, uas.5000m^2)	X	X	O	O	X	X
Fuinneamh Gaoithe	O	O	X	O	X	X

***** Cuirfear Dréacht-Threoirlínte maidir le Tithíocht Thuaithe inmharthana agus aon leagan glactha a fhoilsítear le linn thréimhse an Phlean san áireamh freisin. Ní cheadófar ilfhorbairt chónaithe

****** Oscailte do mhacnamh áit a bhfuil áit chónaithe bunaithe cheana féin.

******* Ní cheadófar moltaí cónaithe amháin i lár an tsráidbhaile (zón úsáid mheasctha) de ghnáth.

Pláta Uimhir 1

Foirgintí a bhfuil Tabhacht Áitiuil ag baint leo agus a dtugann blas fiúntach do charachtar an tsráidbhaile.

2371

Teach 3 bá, 2 stór aoldathach rinderáilte dhá fhuinneóig aghaidh – bhriste (uPVC).
Simléar ag an dá binn díon le títeanna.

2372

Teach dhá stór le oifig fuinneoga sleamhan le fráma adhmaid.
Simleár lárnach le díon hip atá clúdaithe le slinnte breága
Ballaí rinderáilte

2373

C.1990
Teachín aon-stór; ballaí cloch le fuinneoga adhmaid.
Slinnte bréaga ar an díon Ésuite sa choill

2374

2 X 4 bé títhe dhá stór fuinneoga adhmaid ó 2000 A.D. Teach amháin le plastar nap, an ceann eile le plastár rinderáilte agus línithe.

2375

Teach déanta as clocha nádúrtha, simleár ag gach binn.
Fuinneoga uPVC
Slinnte nádúrtha ar an teach féin, slinnte bréaga ar an síneadh chúl

2376

Péire teach-cheangailte dhá stór.

Ceann acu le 2 bé, an ceann eile le 3 bé.
Fuinneoga sleamhain adhmaid, nua-dhéanta ó 2000 A.D.
Simléar ar na binnte plastar nap.

2377

Teachín ceann tuí le fuinneoga sleamhain as ádhmaid.
Ballaí rinderáilte le plastar.

2378

Bungaló aonarach, díon gabhail-éadain, le tíleanna plastar tirm-chaite, fuinneoga uPVC.

2379

Teachín le díon as slinnte nadúrtha.
Rinderáilte le plastar fliuch-chaite.

2380

Seanscoil le fuinneoga alúmanam, uPVC.
Tíleanna ar an díon.
Plastar fliuch-chaite.
Clochaoil gearrtha agus maisithe.

23
81

Stáisiún agus teachconaithe na ngardaí.
Suite siar ón mbóthar le gáirdíní ós a chómhair agus taobh thiar.

Plastar fliuch-chaite ar na ballaí, fuinneoga uPVC.
Simléar lárnach san díon gabhail éadain.

2382

Teach dhá stór le slinnte bréaga, fuinneoga uPVC
Ballaí rinderáilte le plástar.

2383

Teach dhá stór le trí bé.
Aghaidh-bhriste.
Fuinneoga nua thíos staighre, doras uPVC.
Díon ghabhail-éadain le slinnte breaga.